

**Tamall ag guí i láthair na hEocairiste**

*i gCill Éinde, An Spidéal*

**Gach Satharn 10am—11am**

**Páidrín gach Domhnach**

**@ 6.00i.n.**

***Fáilte roimh cách***

**Más mian leat síntiús a thabhairt don paróiste ar líne, seo leanas uimhir chuntais:**

**Cill Éinde (Paróiste)**
IBAN: IE81AIBK93740104660088
BIC: AIBKIE2D

**Cill Éinde (Tuarastal an tSagairt)**
IBAN: IE50AIBK93740104660161
BIC: AIBKIE2D

**Oibreacha deisiúcháin riachtanacha**
IBAN IE02AIBK937401046608 31

**Míle Buíochas as bhur dtacaíocht**

**Iomann na Tairsí**


Fearaimis fáilte roimh ár nAthair, Dia;
Cruthaitheoir is bronntóir na beatha;
Rí na fírinne is tobar an ghrá.
Moladh go deo le Dia na glóire! (X2)


Fearaimis fáilte roimh Íosa Críost,
D'Fhulaing is fuair bás thar ár gcionn-sa,
D'éirigh arís ar an tríú lá.
Moladh go deo le Dia na glóire! (X2)

**Beannaigh Muid A Athair**

Beannaigh muid a Athair,
Agus beannaigh muid a Chríost,
Go gcumhdaí sibh ár n-anama
Go dtagaimid arís.

Beannacht leat a theach Dé,
Agus beannacht Dé 'nár dtimpeall,
Nár scara uainne grásta Dé,
Go bhfillimid chun a theampaill.



# PARÓISTE AN SPIDÉIL
## 21Ú DOMHNACH A
### 22/23Ú LÚNASA 2026

An tAthair Daniel Gallagher S.P. www.cilleinde.ie

Oifig: 083 8126745 R*íomhphost:* cilleinde@outlook.ie

Uaireanta Oscailte:: Dé Máirt, Déardaoin, Dé hAoine 10.00 -2.00

## Aifrinn & Intinní na Seachtaine

| | | | |
|---|---|---|---|
| ⌖ | | | ***Cill Éinde, Spidéal*** |
| Dé Domhnaigh | 23ú | 11.00r.n. | Máirtín Tim Ó Flatharta **Céad Cuimhneacháin** *Baile an tSléibhe*<br>Margaret Doherty (Flaherty) **Fuair bás le gairid** *San Francisco/Baile **an tSléibhe***<br>Seán Ó Foighil **30ú Cuimhneachán,** a bhean Noirín & iníon Jane Marie *Páirc*<br>Ann Ennis **Céad Cuimhneachán** *Bóthar na hAbhann/Clontarf* |
| Dé Céadaoin | 26ú | 10.00r.n. | *Missa Pro Populo* |
| Déardaoin | 27ú | 10.00r.n | |
| Dé hAoine | 28ú | 10.00r.n. | Seán Mac Fhlannachadha, Bairbre Ní Fhlannachadha & Pádraic Mac Fhlannachadha *Sidheán* |
| Dé Domhnaigh | 30ú | 11:00r.n. | Pádraic Ó Neachtain **(40 Bl.)** & a bhean Neilí *Baile an tSagairt.*<br>Peadar Ó Cualáin & a bhean Kate *Boluisce*<br>Micheál Ó Conghaile *Uachtar Ard* |
| ⌖ | | | ***Cill Treasa, Ros a'Mhíl,*** |
| Dé Sathairn | 22ú | 6.30i.n. | Colm Connolly **3ú Cuimhneacháin** *Baile an tSléibhe*<br>Brendan Flaherty **Céad Cuimhneachán** *Ros a'Mhíl*<br>Cyril Flaherty **4ú Cuimhneacháin** *Ros a'Mhíl*<br>Mary Flaherty **12ú Cuimhneachán** *Ros a 'Mhíl*<br>Pat, Johnny ,Cóil & Mattie Ó Conghaile *Na Doireadh*<br>Paddy & Colette Little & muintir Comerford & Little<br>Liam Malone **22ú Cuimhneachán** *Ros a'Mhíl* |
| Dé Sathairn | 29ú | 6:30i.n. | Bríd & Beartla Ó Fátharta & a gclann Eileen & Barry *Tóin an Cnoic* |
| ⌖ | | | ***Cill Mhuire, Na Minna*** |
| Dé Domhnaigh | 23ú | 9:30am | Pete Mc Donnacha *Cartúr Leathan* |
| Dé Domhnaigh | 30ú | 9:30am | |

**Loinneog don Iontróid—** Sm 85:1-3
Tabhair cluas dom, a Thiarna, agus éist liom. Fóir ormsa, do ghiolla, mar go bhfuil muinín agam asat. Déan trócaire orm, a Thiarna, óir bím ag éamh ort ar feadh an lae.

**Gníomh Aithrí**
A phobal Dé, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa a cheiliúradh.

**Admhaím do Dhia uilechumhachtach,**
**agus daoibhse a bhráithre,**
**gur pheacaigh mé go trom,**
**le smaoineamh agus le briathar,**
**le gníomh agus le faillí,**
**tri mo choir féin, trí mo choir féin,**
**trí mo mhórchoir féin.**
**Ar an ábhar sin,**
**impím ar Naomh-Mhuire Síor-Ógh,**
**ar na hAingil agus ar na Naoimh,**
**agus oraibhse, a bhráithre,**
**guí ar mo shon chun ár dTiarna Dia.**

Go ndéana Dia uilechumhachtach trócaire orainn, go maithe sé ár bpeacai dúinn, agus go dtreoraí sé chun na beatha síoraí sinn. **Amen.**

A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**
A Chríost, déan trócaire. **A Chríost, déan trócaire.**
A Thiarna, déan trócaire. **A Thiarna, déan trócaire.**

***An Ghlóir***
Glóir do Dhia sna harda,
**agus ar talamh síocháin do lucht dea-thola.**
**Molaimid thú; móraimid thú; adhraimid thú; tugaimid glóir duit;**
**gabhaimid buíochas leat as ucht do mhórghlóire; a Thiarna Dia, a Rí na bhflaitheas; a Dhia, a Athair uilechumhachtaigh.**
**A Thiarna, a Aonmhic, a Íosa Críost. A Thiarna Dia, a Uain Dé, Mac an Athar,**
**tusa a thógann peacaí an domhain, déan trócaire orainn; tusa a thógann peacaí an domhain, glac lenár nguí. Tusa atá i do shuí ar dheis an Athar, déan trócaire orainn.**
**Óir is tú amháin is Naofa; is tú amháin is Tiarna; is tú amháin is Ró-Ard, a Íosa Críost, mar aon leis an Spiorad Naomh: i nglóir Dé an tAthair. Amen.**

**Urnaí**
A Dhia, is tú a thugann na Críostaithe ar aonaigne agus ar aonmhéin. Deonaigh do do mhuintir d'aitheanta a ghráú, bheith ag tnúth le do ghealltanais, agus, d'ainneoin chora an tsaoil, a gcroíthe a bheith go daingean san áit ina bhfuil an fíoraoibhneas. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

## *Liotúirge an Bhriathair*

**An Chéad Léacht**
*Sliocht as leabhar Ísáia fáidh – 22:19-23*
Seo mar a deir Tiarna na Slua le Seabna, máistir an phálais:
'Brisim thú as do phost,
as d'ionad stróicim anuas thú;
agus an lá céanna, glaoim ar mo sheirbhíseach Éliacím mac Hilcia.
Gléasaim é i d'éide, feistím é le do shursaing,
tugaim do chumhacht isteach ina láimh
agus beidh sé ina athair ag muintir Iarúsailéim
agus ag teaghlach Iúda.
Leagaim eochair theach Dháiví
ar a ghualainn;
má osclaíonn sé; ní dhúnfar;
má dhúnann, ní osclófar.
Cuirim i bhfostú é
mar a bheadh tairne in áit dhaingean;
déanfar cathaoir ghlóire de
i gcomhair theaghlach a athar.'
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Salm le Freagra** – Sm 137
*Fr: A Thiarna, maireann do mhaitheas go síoraí;*
*ná tréig obair do lámh.*

1. Gabhaim buíochas leat, a Thiarna, ó mo chroí go hiomlán mar gur éist tú le briathra mo bhéil.
I bhfianaise na n-aingeal móraim thú;
sléachtaim i dtreo do theampaill naofa. *(Fr)*

2. Gabhaim buíochas leat as ucht do mhaitheasa is do dhílse,mar gur mó fós do ghealltúint ná do chlú. Nuair a ghlaoigh mé ort d'éist tú liom,
agus thug tú neart breise do m'anam. *(Fr)*

3. Dá airde é an Tiarna, is cúram dó an t-íseal;
ach breathnaíonn sé an t-uaibhreach i bhfad uaidh.
A Thiarna, maireann do mhaitheas go síoraí;
ná tréig obair do lámh. *(Fr)*

**An Dara Léacht**
*Sliocht as litir N. Pól chuig na Rómhánaigh 11:33-36*
Ó nach fairsing atá ollmhaitheas agus eagna agus eolas Dé. Nach dothuigthe atá a bhreithiúnais agus nach dorianta atá a bhealaí! Cé a thuigeann aigne an Tiarna? Nó cé a bhí riamh ina chomhairleoir aige? Nó cé a thug rud riamh do Dhia go gcaithfeadh sé a chúiteamh leis? Mar is uaidhsean agus trídsean agus dósan gach uile ní dá bhfuil ann. Moladh go deo leis. Amen.
*Briathar an Tiarna*. **Buíochas le Dia.**

**Alleluia, alleluia!**
'Má bhíonn grá ag duine dom,' a deir an Tiarna,
'coinneoidh sé mo bhriathar, agus beidh grá ag
m'Athair dó, agus tiocfaimid chuige.'
**Alleluia!**

**Soiscéal** *Matha 16:13-20*
*Go raibh an Tiarna libh.*
**Agus le do spiorad féin.**
*Sliocht as an Soiscéal naofa de réir N. Matha*
**Glóir duit, a Thiarna**.
Ar theacht isteach i gceantar Chéasaré Philib dó, d'fhiafraigh Íosa dá chuid deisceabal: 'Cé hé a deir na daoine Mac an Duine?' Dúradar: 'Deir cuid acu Eoin Baiste; cuid eile acu Éilias; tuilleadh acu Iarimiá nó duine de na fáithe.' Dúirt sé leo: 'Ach cé a deir sibhse mé?' Dúirt Síomón Peadar á fhreagairt: 'Is tú an Críost Mac Dé bhí.' D'fhreagair Íosa agus dúirt sé leis: 'Is méanar duit a Shíomón Barióna, óir ní fuil agus feoil a d'fhoilsigh duit é ach m'Athair atá ar neamh. Agus deirimse leatsa gur tú Peadar agus is ar an gcarraig seo a thógfaidh mé m'Eaglais, agus ní bhuafaidh geataí ifrinn uirthi. Agus tabharfaidh mé duit eochracha ríocht na bhflaitheas: rud ar bith a cheanglaíonn tú ar talamh beidh sé ceangailte ar neamh, agus rud ar bith a scaoileann tú ar talamh beidh sé scaoilte ar neamh.' Chuir sé mar acht ar na deisceabail ansin gan a rá le duine ar bith gurbh é féin an Críost.
Soiscéal an Tiarna. **Moladh duit, a Chríost.**

***Seanmóir & Guí an Phobail***

***An Chré***
**Creidim in aon Dia amháin,**
**an tAthair uilechumhachtach, a rinne neamh agus talamh, agus an uile ní sofheicthe agus dofheicthe.**
**Agus in aonTiarna amháin Íosa Críost,**
**Mac Aonghine Dé,**
**an té a rugadh ón Athair sula raibh aon saol ann,**
**Dia ó Dhia, solas ó sholas, Fíor-Dhia ó Fhíor-Dhia;**
**an té a gineadh agus nach ndearnadh,**
**agus atá de chomhshubstaint leis an Athair:**
**is tríd a rinneadh an uile ní.**
**Ar ár son-na, an cine daonna,**
**agus ar son ár slánaithe, thuirling sé ó neamh.**
**Ionchollaíodh le cumhacht an Spioraid Naoimh é**
**i mbroinn na Maighdine Muire**
**agus ghlac sé nádúr daonna.**
**Céasadh ar an gcros é freisin ar ár son faoi Phointias Píoláit; d'fhulaing sé páis, agus adhlacadh é.**
**D'aiséirigh an treas lá de réir mar a d'fhógair na Scrioptúir; chuaigh suas ar neamh; tá ina shuí ar dheis an Athar.**
**Tiocfaidh sé an athuair faoi ghlóir,**
**le breithiúnas a thabhairt ar bheo agus ar mhairbh, agus ní bheidh deireadh lena ríocht.**
**Creidim sa Spiorad Naomh,**
**Tiarna agus bronntóir na beatha,**
**an té a ghluaiseann ón Athair agus ón Mac.**
**Tugtar dó adhradh agus glóir, mar aon leis an Athair agus leis an Mac: is é a labhair trí na fáithe.**
**Creidim san aon Eaglais, naofa, chaitliceach, aspalda.**
**Admhaím an t-aon bhaisteadh amháin chun maithiúnas na bpeacaí.**
**Agus táim ag súil le haiséirí na marbh,**
**agus le beatha an tsaoil atá le teacht. Amen.**

## *Liotúirge na hEocairiste*

Guígí go nglacfaidh Dia, an tAthair uilechumhachtach, leis an íobairt seo uaimse agus uaibhse.
**Go nglaca an Tiarna leis an íobairt seo ó do lámha,**
**chun onóra agus glóire a ainm,**
**chun sochair dúinne agus dá Naomh-Eaglais uile.**

**Os Cionn na nOfrálacha**
A Dhia na féile, le haon íobairt ár dTiarna Íosa Críost, rinne tú do theaghlach dílis féin dínn. Tabhair anois go lách grásta na haontachta agus na síochána do d'Eaglais. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

Rúndiamhair an chreidimh.
**A Shlánaitheoir an domhain, slánaigh muid, tusa a shaor muid trí do chros agus trí d'aiséirí.**

## *Deasghnáth na Comaoineach*

Aitheanta an tslánaithe dár dtreorú agus briathar Dé dár dteagasc, tá sé de mhisneach againn a rá: **Ar nAthair atá ar neamh......**

Saor sinn ó gach olc, impímid ort, aThiarna.
Tabhair dúinn go cineálta síocháin lenár linn,
ionas go mbeimid, le cúnamh do thrócaire,
saor ón bpeaca i gcónaí agus slán ón uile bhuairt
agus sinn ag súil leis an dóchas naofa agus le teacht ár Slánaitheora, Íosa Críost…….

**Iarchomaoineach**
Cuir íocshláinte do thrócaire i bhfeidhm ionainn, a Thiarna, tríd an gcomaoineach seo. Déan sinn a chothú agus a stiúradh i slí is gur féidir dúinn taitneamh leat i mbun ár gcúraimí go léir. Sin é ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna. **Amen.**

**An Deasghnáth Deiridh**
*Go raibh an Tiarna libh*. **Agus le do spiorad féin.**

*Go mbeannaí Dia uilechumhachtach sibh, Athair, Mac agus + Spiorad Naomh*. **Amen.**

*Imígí faoi shíocháin ag glóiriú anTiarna le bhur mbeatha.* **Buíochas le Dia.**